# Mac Fheidhlimidh

**Cáit Pléimionn**
*University College Cork*

> *"Screaming her rebellion from within in the womb [...]"*
> – Muireann Ní Bhrolcháin (1994), p. 118.

Éist -
An liúbhéic, an ghéis

Idir uafás agus iontas
ar na meisceoirí ciúnaithe
Iad ag stánadh, ag gácáil
gan tionnúr ar a súile
ar bhean chéile Fheidhlimidh
is a comrádaí ceilte.

Ó Chathbad a tháinig
an fógra fáidhiúil:
Macaomh laoich
Gaiscíoch brúidiúil!

Líonadh na hadharca
nuair a chualathas a gháir chatha
fraochmhar chun fola -
agus d'óladar a shláinte.

© 2024 *Aigne*, University College Cork 